

RÍRÁ I dTÍR NA mBOTÚN

Rang 3 agus 4
Scoil Cholmcille
An Tearmann

TÍR NA mBOTÚN

Scéalaí: Dia dhaoibh uilig! Tá mise cinnte gur chuala sibhse uilig faoi Chinnín Óir,Cochaillín Dearg...Luaithróna..Plúirín Sneachta..?
Bhuel,bhuail siad seo uilig le chéile am amháin. Fadó, fadó a bhí ann, in áit darbh ainm... Tír na mBotún!! Áit bhréa a b'ea é Tír na mBotún. Bhí Rí agus Banríon ina gcónaí ann agus bhí mac amháin acu, an Prionsa. Bhí Cinnín Óir ina cónaí i dTír na mBotún freisin. Ach ní raibh sí chomh maith is a deir siad sa síscéal. Leoga, go minic bhí Cinnín Óir iontach, iontach dána. Ach, fan, tcífidh sibh daoibh féin. Seo í féin, an cailín dána sin.....Cinnín Óir!

(Isteach le N.Ch.Óir -- cosa trasnaithe,lámha ar a smig)

Cinnín Óir: Tá mise bréan den saol seo. Óóó..ba mhaith liomsa troid le duine éigin! Óch,óoo,...Ha ha.... Sin teach na mBéar! Sílím go mbrisfidh mé fuinneog.Óoooo

(cloch á caitheamh aici -freeze).

(Scéalaí isteach)

Scéalaí: *(ag amharc ar Ch Óir agus ansin ar an lucht éisteachta)* Feiceann sibh anois cad é a bhí mé á rá libh. Ar scor ar bith, an mhaidin sin bhí rírá agus ruaille buaille i dTeach na mBéar

Radharc 1

(Teach na mBéar)

Mamáí Béar: An éireoidh tusa amach as an leaba sin, Daidí Béar. Beidh tusa mall do do chuid oibre, beidh an Babaí Béar mall don scoil agus beidh mise mall don choinne atá agam leis an vet.

Daidí béar: Nah Nah Nah,...Nah Nah Nah. Bíonn tusa i gcónaí ag gearán. Nah Nah Nah.....ó mhaidin go hoíche. Cá bhfuil mo chuid bracháin?

Mamáí Béar: Anois ,cé atá ag gearán?

(Isteach le Babaí Béar)

Babaí Béar: Níl mise ag iarraidh bracháin mar tá sé róthe! Agus níl mise ag dul ar scoil mar deir sé sin sa leabhar.

Mamáí Béar: Cén leabhar?

Babaí Béar: Deir sé sa leabhar go dtéann muidinne uilig amach ag siúl.Tagann an strap óg sin, Cinnín Óir, isteach agus... scriosann sí an teach!

Daidí Béar: Muidinne...Amach ag siúl! Ach caithfidh mise gabháil ag obair!

Mamáí Béar: Tá coinne agamsa leis an vet!

Babaí Béar: Agus cad faoi mise bocht? Ní bheidh mise ábalta gabháil ar scoil!
Ach.... ní thig liom an síscéal a stopadh..an dtig?

Daidí Béar: Tá tusa ag rá liomsa nach dtig linne an bricfeasta a ithe, nach dtig liomsa dul ag obair, agus go gcaithfidh muidinne dul ag siúl....agus carr breá amuigh sa gharáiste le rógaire cosúil le Cinnín Óir a ligint isteach sa teach seo!! Cé a scríobh an scéal seo cibé?

Babaí Béar: Em....eh.. Sílim gur.....em... eh ...cén t-ainm atá orthu arís..em...Ó sea.... DUINE DAONNA a bhí ann,

Mamáí Béar/ Daidí Béar: CAD É ???

Babaí Béar: AN DUINE DAONNA!! Tá a fhios agaibh na rudaí sin--- Síleann siad gur leo an domhan uilig.. agus síleann siad nach bhfuil ciall ar bith ag ainmhithe!

Daidí Béar: Óch..na hamadáin sin..nach seanaimseartha iad, na daoine sin!

Mamáí Béar: Goitse, rachaidh muid amach ag siúl, ar scor ar bith. Déanfaidh an t-aer maitheas dúinn...Goitse,.. amach, amach libh!

(Amach leis na Béir. Isteach le Cinnín Óir)

Cinnín Óir: Mmm..mmm.. Boladh galánta! Brachán!! Mmm.. Ó, tá ocras an domhain ormsa. Rachaidh mé isteach anseo agus gheobhaidh mé greim le hithe! Yuch! Yuch!

(á mblaiseadh uilig.. róthé..rófhuar!!..etc)

Ó.. galánta.. ó..mmm... iontach blasta! Íosfaidh mé an t-iomlán!
Ó..fón...cuirfidh mé glaoch ar Chochaillín Dearg. Haló.. Cochaillín Dearg... Haló...Cinnín Óir anseo...Cad é mar atá rudaí? Cad é?...MAC TÍRE...D'ith MAC TÍRE do Sheanmháthair...Óch ..tá brón orm faoi sin....do sheanmháthair bhocht! Hey....Éist liom..ar mhaith leat a theacht go Teach na mBéar.. Ba mhaith?! Ceart go leor. Déan deifir...Tcífidh me thú gan mhoill..Slán!!

(Tagann Cochaillín Dearg)

Cinnín Óir: Ó.. bhí tú iontach gasta!

C. Dearg: Ó bhí go cinnte...Tá gluaisrothar ar dóigh agamsa! Anois...cá háit a dtosóidh muid?

Cinnín Óir: Na cathaoireacha!

C. Dearg: Ceart go leor!

(ag briseadh na gcathaoireacha)

Cinnín Óir : Bhí sin go hiontach ar fad!

C. Dearg: Bhí, go cinnte!

Cinnín Óir : Is fuath liomsa na Béir sin,

C. Dearg: Is fuath liomsa an Mactíre sin... D'ith an Mac tíre mo Sheanmháthair bhocht!

Cinnín Óir : Níor ith sé í!

C. Dearg: D'ith sé!.Cinnín, ní insím bréag! Is Duine Daonna mise!

Cinnín Óir: Ó,. sin scéal uafásach ..do sheanmháthair bhocht!

C. Dearg: Och, bhí sé millteanach. Mo sheanmháthair bhocht! Is fuath liom na Mic tíre! Heigh..stad.. Cad é sin?

Cinnín Óir: Ó.. SSHH.. sin iad na Béir.. Tá siad ar ais... Rith..Téigh i bhfolach!!!
Rith.....rith...

(Amach leo! Isteach leis an Scéalaí)

Radharc 2

Scéalaí: Ach, ní na Béir a bhí ann! Na Mic tíre a bhí ann! Ba mhaith leo cruinniú a bheith acu... leis na Béir.

Mac tíre 1: Cá bhfuil na Béir?

Mac tíre 2: Níl a fhios agam. Tá an carr taobh amuigh. Is féidir go bhfuil siad amuigh ag siúl....Dia ár sábháil! Tá an áit seo bun os cionn!

Mac tíre 3: Tá súil agamsa go mbeidh siad ar ais don chruinniú seo.

Mac tíre 1: Tá súil agamsa fósta. Caithfidh muid rudaí a shórtáil..INNIU!

Mac tíre 2: Ó..éistigí. Cén torann sin....Sin na Béir ag teacht anois?

(Tagann na Béir isteach)

Mac tíre 3: Cad é mar atá sibh uilig?

Daidí Béar: Fáilte romhaibh a Mhic tíre. Cad a tharla anseo?

Babaí Béar: Cad é mar atá rudaí?

Mac tíre 1: Tá sé in am dúinne uilig rudaí a shórtáil amach anseo.

Mamaí Béar: Rudaí a shórtáil?..Cé acu rudaí?

Mac tíre 2: Tá 'a fhios agaibh... Na leabhair agus Na Síscéalta seo.

Babaí Béar: Ó scéalta a scríobh an Duine Daonna? Finnscéalta,..Síscéalta..agus a leithéid?

Daidí Béar: Tá siad millteanach, go cinnte.

Mactíre 3: Sea. Bhuel.. chuir mise fios ar An Rí, An Bhanríon agus an Prionsa. Tá siad ag teacht anseo chun labhairt linn uilig.

Babaí Béar: Cén t-am a bheidh siad anseo?

Mac tíre 1: Beidh siad anseo gan mhoill.

(Cnag ar an doras)

Mac tíre 2: Ó sin anois iad!

(Isteach leis an Rí, an Bhanríon agus an prionsa)

Mamaí Béar: Tá sibh in am mhaith. Tagaigí isteach a Dhaoine Uaisle.

Rí: Dia dhaoibh a chairde gruagacha fionnaitheacha.

Mic tíre+Béir: Dia Dhaoibh, a dhaoine uaisle feolmhara.

Prionsa: Mamaí.

Banríon: Sea, a thaisce?

Prionsa: Ní maith liomsa na hainmhithe seo!

Banríon: Cén fáth, a thaisce?

Prionsa: Tá siad gruagach agus tá boladh millteanach astu!

Babaí Béar: Cad é..Cad é a dúirt tusa... níl boladh asainn! Fan..fan go gcuire mé mo chrúba ionat. Fan go.....

Mamaí/Daidí/Banríon: Stadaigí ..stadaigí den..suígí síos.....

Rí: Anois, a chairde, creidim go bhfuil fadhb agaibh?

Daidí Béar: A Mhorgacht. Le blianta anuas,tá Na Daoine Daonna ag scríobh scéalta millteanach ..síceálta a thugann siad orthu. Sna scéalta seo, bíonn na daoine i gcónaí go hiontach agus bíonn na hainmhithe i gcónaí go huafásach.

Mac tíre 1: Sea, deir siad gur scanraigh mise amadán darbh ainm Peadar!

Mac tíre 2: Deir siad gur ith mise an Seanmháthair!

Mac tíre 3: Deir siad gur chaith mise trí mhuca amach as a gcuid dtithe!

Mamaí Béar: Síleann siad nach liomsa fiú brachán a dhéanamh.

Daidí Béar: Eh.. Síleann siad gur amadán ceart mise!

Rí: Ó, a chreatúir,níl na scéalta seo uilig chomh holc le sin. Tá a lán scéalta eile scríofa..agus tá daoine uafásacha iontu...agus sna scéalta seo..níl ainmhithe ar bith iontu!

Mic tíre+Béir: An bhfuil?

Banríon: Tá...Mar shampla.. Luaithriona.

Gach duine: Luaithriona?

Banríon: Ó..scéal galánta atá ann..nach ea ,a thaisce?

Rí: Go cinnte, a stór. Teifidh sibh uilig anois í...Isteach le..
LUAITHRÍONA!

Cnaipí: Cad é atá cearr leat, a Luaithriona?

Luaithriona: Tá mo chuid deirfiúracha ag gabháil go dtí an damhsa agus níl mise ag gabháil.

Cnaipí: Cén fáth?

Luaithriona: Amharc orm. Tá mé salach agus níl gúna deas ar bith agam.

Cnaipí: Ó, tuigim anois. Tá sin soiléir go leor! Ach éist liomsa..Tá Máthair Bhaistí agat..nach bhfuil?

Luaithriona: Nach cinnte go bhfuil! Bhí mé ar an ghuthán..ach ní thig í a fháil...Ní maith le duine ar bith mise..fiú tusa, a Chnaipí!

Cnaipí: Níl sin fíor...(fón)...Fan..Sin an fón..B'fhéidir gur ise a bheadh ann. Tabhair tusa freagra air.

Luaithriona: Maith go leor. ..ach tá mé cinnte go bhfuil go bhfuil an uimhir chontráilte acu.

(Amach léi.Isteach leis na deirfiúracha)

Gráiniúla: Tá muidne ag gabháil go dtí an damhsa anocht!

Brúidiúla: Tá leoga.. agus béidh na buachaillí uilig ag iarraidh damhsa liomsa.

Gráiniúla: Ó, sin na buachaillí a bheidh tuirseach ag fanacht liomsa!

Cnaipí: Ó, bí ciúin, an bheirt agaibhse!..tá sibh cosúil le dhá chearc ghránna.

(cearca ag béicigh)

Gráiniúla: Nach seanaimeartha eisean..ag rá go bhfuil muidne gránna!

Brúidiúla: Agus bíonn seisean ag caint le Luaithriona salach!

(ag scigireacht)

Gráiniúla: Goite ,a Bhrúidiúla,a thaisce, beidh na fir uilig ag fanacht linn ag an damhsa!

Brúidiúla: Maith go leor,a Ghráiniúla, a pheata, ar aghaidh linn go dtí an damhsa!

(Imíonn siad..Isteach le Luaithriona)

Luaithriona: Mo Mháthair Bhaistí a bhí ann, a Chnaipí! Ise a bhí ann! Beidh sí anseo i gceann trí soicind!

Cnaipí: A Trí, a Dó, A hAon !!!!!

(Isteach leis an Mháthair Bhaistí)----SOILSE DRAÍOCHTA!!!!!!

Luaithriona: Ó, tá tú anseo a Mháthair Bhaistí!

Máthair Bh: Cad é atá cearr leat anois a thaisce?

Luaithriona: Ó, a Mháthair Bhaistí, tá mé i gcrúachás! Chuaigh mo chuid deirfiúracha chuig an damhsa..ach..ní thig liomsa a ghabháil! Tá mé i bhfad ró-shalach agus níl gúna deas ar bith agam. Níl ach seanéadaí stróctha agam. Amharc orm!

Máthair Bh: Ó, tá tú iontach salach, go cinnte!

Luaithriona: Cad a dhéanfaidh mé? Cuidigh liom a Mháthair Bhaistí!

Máthair Bh: Fan.. Socraigh síos anois. Cuideoidh mise leat, go cinnte! Éist liom anois, go cúramach. Téigh go dtí an doras sin. Siúil amach. Druid an doras. Buail ar an doras sé huairde agus abair.....

*‘Níl Luaithriona salach níos mó
Tá sí galanta anois..heigh hó, heigh hó!’*

(Amach le Luaithriona—Sé chnag ar an doras.
Isteach léi arís.. gléasta go galanta)

Cnaipí: Ó, go sábhála Dia sinn a Luaithriona.. Amharc ort...Tá tú go haláinn ar fad anois!

Máthair Bh: Tá, go cinnte! Ach éist liomsa go cúramach! Comhairle amháin ort! Bí ar ais ag meánoíche!

(Amach le Máthair Bháistí. Cnag ar an doras)

Luaithriona: Cé sin anois?

Cnaipí: Fan... Sin Cóisteoir agus tá sé chapall bán leis! Luaithriona tá tusa ag gabháil go dtí an damhsa!

(Amach le Luaithriona go sona sásta.)

Cnaipí: Óch, buailfidh sí le Prionsa Dóighiúil ag an damhsa anocht, gan dabht! ...agus titfidh sí i ngrá leis! Ah bhuel, má tá Luaithriona sásta, is cuma liomsa!

(Amach le Cnaipí. Isteach leis an Scéalaí.)

Scéalaí: Ag an damhsa an oíche sin, níor bhain an Prionsa Faintaiseach a shúile de Luaithriona.

DIOSCÓ—SOILSE!!!!

Fantaiseach: An dtagann tú anseo go minic?

Luaithriona: Nuair a ligeann mo Mhathair Bhaistí dom teacht.

(an bheirt ag scigireacht)

Fantaiseach: An dtig liomsa siúl abhaile leat?

Luaithriona: Ní thig leat.

Fantaiseach: Cén fath?

Luaithriona: Tá mo theach seasca míle ó seo!

Fantaiseach: Ah bhuel, an bhfuil uimhir theileafóin agat? Thiocfadh linn dul chuig an bpictiúrlann nó ..eh..Mac Donalds?

Luaithriona: Ó, ba mhaith liom sin ..ach ..ar dtús ..cén t-am atá sé anois?

Fantaiseach: Ah ..glac d'am.. tá sé luath go fóill!

Luaithriona: Cén t-am atá sé?

Fantaiseach: Tá sé thart fá ...eh..trí shoicind roimh an mheánoíche.

Luaithriona: Cad é? Trí soicind roimh mheánoíche!! Aaaahhh.....

(Amach an doras léi, ag screadaíl)

Fantaiseach: Cá ndeachaigh sí? Cén fáth? Cad é a dúirt mise?

Gráiniúla: Ah, Deán dearmad uirthise..Níl craic ar bith inti... tá mise i bhfad níos fearr! Bí ag damhsa liomsa, a bhuachaillín dóighiúil!

Fantaiseach: Ah, imigh leat amach as mo chasán!

Brúidiúla: Sea, imigh leat. Is fearr leis duine cosúil liomsa. Goitse, a thaisce,déan damhsa liomsa!

Fantaiseach: Ugh, tá tusa NÍOS MEASA! Níor mhaith liomsa damhsa le dhá chearc ghránna cosúil libhse! Imigí libh! Anocht, thit mise i ngrá le .. eh..cén t-ainm a bhí uirthi? Eh.. níor inis sí dom..(Ag búireadh) A Lorgairí,tagaigí anseo!

(Isteach leis na lorgairí)

Lorgaire 1: Bhí tú ag glaoch orainn, a Thiarna.

Fantaiseach: Ba mhaith liom sibh an bhean dhóighiúil a bhí ag damhsa liomsa a lorg.

Lorgaire 1: Go cinnte, a Thiarna. A hainm?

Fantaiseach: Ní dúirt sí.

Lorgaire 1: Ó? A seoladh baile?

Fantaiseach: Ní dúirt sí sin ach oiread.

Lorgaire 2: Uimhir Theileafóin?

Fantaiseach: No

Lorgaire 1: Mínigh seo domsa! Tá tusa ag iarraidh orainne, duine gan AINM, duine gan seoladh baile, duine gan uimhir theileafóin a lorg?

Fantaiseach: Sea. Sin an fáth a bhfuil sibh ag obair domsa.. Imígí libh..Faighaigí an bhean dhóighiúil seo domsa..go gasta!

Lorgaire 2: Leid ar bith?

Fantaiseach: Níl leid ar bith.....Fan, tá ceann amháin agam! Sin a bróg! Agus dúirt sí go bhfuil sí ina cónaí seasca míle ón áit seo.

Lorgaire 1: Maith go leor, a Thiarna. Tá muid ag lorg bean gan ainm, gan uimhir theileafóin, gan seoladh baile, bean le cos amháin a chonaíonn seasca míle ón áit seo! Ní bheidh sin ró-dheacair, an mbeidh, a chara?

Lorgaire 2: Ní bheidh fadhb ar bith againn !

Fantaiseach: Imígí libh ..go gasta. Agus inis dom nuair a fhaigheann sibh í!

(Amach leo uilig. Isteach leis an Scéalaí)

Scéalaí: D'fhéach na lorgairí gach áit..ach... níor éirigh go maith leo!

(Amach leis an Scéalaí)

Lorgaire 2: Bhuel, sin achan teach sa cheantar seo déanta againn...cad é a dhéanfaidh muid anois?

Lorgaire 1: Níl a fhios agam..Caithfidh muid dul ar ais chuig an Máistir. Ní bheidh seisean ro-shásta! Hey..éist..Cad é an torann sin?

(Isteach leis na deirfiúracha, iad ag bualadh Luaithriona)

Gráiniúla: Ó, bog leat a striapaí shalaí!

Brúidiúla: A raispín bheag! Cén fáth nár ghlan tusa an t-urlár sa chistin aréir?

Gráiniúla: Ó Sea, cá raibh tú?

Luaithriona: Chuaigh mé a luí go luath aréir. Bhí tinneas cinn millteanach orm.

Brúidiúla: Béidh ceann níos measa ort nuair a bheas mise réidh leat!

Lorgaire1: A Chailíní, a chailíní, ná bígí ag troid..stadaigí ..anois! STADAIGÍ!
Anois, a chailíní, cé leis an bhróg seo. An té ar leis an bhróg seo,
pósfaidh sí an Prionsa.

Gráiniúla: Is liomsa é! Sin mo bhrógsa.

Brúidiúla: Ní leatsa í. Is liomsa an bhróg sin.Tabhair dom í.

Lorgaire2: A Chailíní, stadaigí. ..Anois TUSA suigh síos!

Gráiniúla: Ó, tá sé chomh compordach...seo mo bhróg, gan dabht! Pósfaidh mise
an Prionsa!

Lorgaire1: Bain sin duit... tá sé i bhfad ró-bheag duit.Tusa...suigh síos!

(caitheann sí an bhróg ar a deirfiur)

Brúidiúla: Och.. Ghortaigh tú mé! Ó..Is liomsa an bhróg seo, go cinnte. Pósfaidh
mise an Prionsa!

Lorgaire1: Bain sin duit.. tá tusa i bhfad róramhar. Tabhair don chailín dóighiúil
sin í.

Brúidiúla+Gráiniúla: Ise! Ach sin Luaithriona!

Lorgaire1: Tabhair di í, go gasta.

Luaithriona: Sílim go bhfuil sé rud beag teann! Bhí mé ag damhsa aréir agus tá mo
chos rud beag ataithe.

Lorgaire1: Sin a bróg! Glaoigh ar an Phrionsa!

Lorgaire2: a Phrionsa Fantaiseach! A Phrionsa Fantaiseach!

(Isteach leis an Phrionsa)

Lorgaire1: Waooh. Bhí sin iontach gasta!

Fantaisteach: Sin í! Sin mo chailín! Eh..Tá sí rud beag salach..ach le rud beag sópa,
gúna deas, agus coróin ar a ceann –beidh sí go haláinn! Mo
Bhanphrionsa! Eh..cén t-ainm atá ort?

Luaithriona: Luaithriona, ach thig leatsa Luaithriona a thabhairt orm.

(Isteach le Cnaipí)

Agus seo é mo chara, Cnaipí. An dtig leisean cónaí sa Phálás?

Fantaisteach: Thig leis cinnte.

Cnaipí: Ar aghaidh linn go dtí an Pálás, a Mháistír

Scéalaí: Agus cad a tharla 'Sea, bhí siad uilig go sona sásta ón lá sin amach!

(Isteach leis na hainmhithe, An Rí, An Bhanríon agus an Prionsa)

Rí: Bhuel, ar thaitin an scéal sin libh uilig?

Mac tíre 1: Bhí an scéal sin go hiontach!

Uilig: Bhí sé cinnte dearfa!

Mamaí Béar: An bhfuil scéalta ar bith eile agat faoi dhaoine millteanacha, faoi dhaoine uafásacha?

Prionsa: Tá na céadta scéalta!

Rí: Na mílte scéalta! Ar chuala sibh an scéal faoi Phlúirín Sneachta?

Uilig: Níor chuala!

Rí: Bhuel, suígí síos, a chairde, agus bainigí sult as an scéal seo.

Radharc 3

PLÚIRÍN SNEACHTA!

(Isteach leis Bhanríon Dhána go sona sásta léi féin.)

SOILSE

(atmaisféar scanrúil—soilse ag léim.)

Banríon Dhána: Ha,Ha Ha..He He He..Tá mise galánta! Deir an Scathán Draíochta seo liomsa gach lá! Ha Ha Ha..He He He...Is mise an bhean is deise sa Tír! Ha Ha Ha.....

Scéalaí: ACH,.. lá amháin baineadh preab as an Bhanríon Dhána!

Banríon Dhána: a Ghardaí, tugaigí dom an Scáthán Draíochta.

Garda 1: Seo duit. An é sin é, a bhean uasal?

Banríon Dhána: ‘Sea, anois imigí libh!

Garda 2: Cinnte, a bhean Uasal. Cuir scairt orainn, a bhean uasal

Banríon Dhána: Amach libh! Ceart go leor,ar aghaidh linn!
‘A SCATHÁN DRAÍOCHTA,CÉ HÍ IS DEISE?’

Scáthán: ‘NÍ TUSA ATÁ ANN, A CHAILLEACH GRÁNNA!’

Banríon Dhána: Cad é? Cad é a dúirt tusa liomsa? Eh...tosóidh muid arís!
‘A SCATHÁN DRAÍOCHTA, CÉ HÍ IS DEISE?’

Scáthán: ‘NÍ TUSA ATÁ ANN, A CHAILLEACH GRÁNNA!’

Banríon Dhána: Cad é atá tusa ag rá liomsa?

Scáthán: Is í Plúirín Sneachta an cailín is deise sa tír!

Banríon Dhána: CAD É? TÁ TUSA CRAICEÁILTE!

Scáthán: Tá brón orm, a Bhanríon Dhána, Is í Pluirín Sneachta an cailín is deise sa tír!

Banríon Dhána: A GHARDAÍ! Faighaigí réiteach den scáthán seo...Anois!
Tógaigí libh é!..Go Gasta!

FEAR SEILGE!

Fear Seilge: Tá mé anseo, a Bhean Uasal.

Banríon Dhána: Tabhair Plúirín Sneachta go dtí an choill agus MARAIGH í!

Fear Seilge: Ach.ach..a bhean Uasal..ní thig liom Plúirín Sneachta a mharú!

Banríon Dhána: Déan anois é..nó maróidh mise tusa fosta!

(Amach leo. Isteach leis an Scéalaí)

Scéalaí: Chuaigh an Fear Seilge agus Plúirín Sneachta isteach sa choill.

(Amach leis an Scéalaí. Isteach le Plúirín Sneachta)

(Sa Choill-----SOILSE)

Plúirín Sneachta: Tá tú iontach ciúin inniu, a Anraí.Cad é ata cearr leat?

Anraí: Rud ar bith, a stór.

Plúirín Sneachta: Tá tu iontach brónach!

Anraí: *(ag caoineadh)* Ó, a Phlúirín,..caithfidh mise tusa ..a mharú!..Níl an Bhanríon sásta go bhfuil tusa níos dóighiúla ná ise!

Plúirín Sneachta: Ach Anraí. Anraí, ní mharóidh tusa mise?

Anraí: Ní mharóidh mise tusa, a Phlúirín.Ach, fan anseo.Caithfidh mise imeacht anois.

Plúirín Sneachta: Ná fág anseo liom féin mé, Anraí. *(ag caoineadh)*

Anraí: Beidh tú ceart go leor, a Phlúirín. Cuideoidh Na Draoidíní leat mo chara beag! Slán leat a Phlúirín! Slán!

(Amach le Anraí)

Plúirín Sneachta: a Anraí, a Anraí, tar ar ais, aAnraí! aAnraí!...Och..och..Och..ta mé liom féin anois..(Búúúú.....)

(torann.. daoine ag caint)

Ó.. Cad é sin?..cé sin?.. cé?...ssh..éist!

Draíodíní: Haigh hó, Haigh hó
Ag obair linn gan stró
Ag obair linn gan pingin,gan cent
Haigh hó, Haigh hó, Haigh hó, Haigh hó.

Draíodín 1: Hi faoi Dhia cé hí seo?

Draíodín 2: A Dhia, tá sí iontach mór!

Draíodín 1: Anois, a stór, ná bíodh imní ort.

Plúirín Sneachta: Tá..tá mé caillte!

Draíodín 2: Cuideoidh muidne leat, nach gcuideoidh a bhuachaillí?

Uilig: Cuideoidh cinnte

Draíodín 3: Tar abhaile linne.

Draíodín 6: Thig leat fanacht i dteach beag s'againne.

Plúirín Sneachta: Ach níl an scéal chomh simplí le sin.

(mím — Plúirín Sneachta ag insint an scéal do na fir bheaga)

Scéalaí: D'inis Plúirín Sneachta an scéal do na Draoidíní. Shocraigh siad í a thabhairt abhaile go dtí na dteach féin. Gach lá rinne Plúirín Sneachta an dinnéar dóibh agus ghlan sí an teach ó bhun go barr. Bhí siad uilig go sona sásta.

(Amach leo uilig)

Scéalaí: Ach..... ní sin deireadh an scéil!

(Amach leo uilig. Isteach leis na Gardaí agus an Bhanríon, leis an scáthán)

Banríon Dhána: Anois! Ar aghaidh linn arís!
A SCATHÁN DRAÍOCHTA, CÉ HÍ IS DEISE?

Scáthán: NÍ TUSA ATÁ ANN, A CHAILLEACH GRÁNNA!

Banríon Dhána: Cad é? Ach tá Plúirín Sneachta imithe. Cé atá níos deise ná mise ANOIS?

Scáthán: Plúirín Sneachta!

Banríon Dhána: Ach tá sise marbh! Mharaigh Anraí, an Fear Seilge í!

Scáthán: Níl sí marbh!

Banríon Dhána: Cad é?

Scáthán: Níor mharaigh Anraí Plúirín Sneachta!

Banríon Dhána: Cad é? Bhuel..grrr..maróidh mise Anraí. A GHARDAÍ!
Faighaigí Anraí domsa...anois! Deánaigí deifir!

Garda 1: Eh.. tá tú rómhall a bhean uasal..eh.. tá Anraí imithe. D'imigh sé ag marcaíocht ar a chapall!

Banríon Dhána: Tabhair leat an scathán seo! Gheobhaidh mise an rógair sin, Plúirín Sneachta, mé féin! Bhéarfaidh mé an t-úll nimhiúil seo di. Plaic amháin--agus sin deireadh le Plúirín Sneachta!

(Amach leis an Bhanríon Dhána, An scáthán agus An Garda.)

(Isteach leis an Bhanríon Dhána arís agus Pluirín Sneachta ar an taobh eile ag scuabadh an urláir.)

Banríon Dhána: A stór, inis dom, cá bhfuil stad an bhus, an bus go Tearmann.

Plúirín Sneachta: Ó, thuas ansin, in aice leis an Chrann Darach.

Banríon Dhána: Ó, go raibh míle maith agat a stór. Cailín maith thú. Seo úll breá blasta duit.

Plúirín Sneachta: Ó, go raibh míle míle maith agat. Is breá liomsa úlla.

(Glacann sí plaic) Aagh! Aagh! (Títeann sí)

Banríon Dhána: Ha! Ha! Ha! Anois, sin deireadh léise! Ha! Ha! Ha!...Ho! Ho! Ho!

(Soilse ag léim-Atmaisféar scanrúil, callánach, banríon ag gáire)

(Amach léi. Isteach leis Na Draíodíní)

Na Draíodíní uilig: Hi! Ho! Hi! Ho!..ag obair linn gan stró!..Pluirín Sneachta!

Draíodín 6: Déan deifir! Faigh Doc!

Draíodín 1: Tá me anseo!

Draíodín 2: Bhfuil sí marbh?

Draíodín 1: Níl. Ach tá sí ina codladh. Sílim go mbeidh sí mar seo le céad bliain.. muna..

Uilig: Muna Cad é..?

Draíodín 1: Muna dtiocfaidh Prionsa Dóighiúil an bealach seo go gasta!

Draíodín 2: Ach níl Prionsa dóighiúil ar bith thart anseo!

(Isteach leis an Phrionsa)

Prionsa: Bhí sibh do m'iarraidh, a dhaoine bheaga!

Uilig: An Prionsa dóighiúil!

Prionsa: Sin mise! Tá fadhb agaibh, an bhfuil? Ah. Áille ina codladh! Ní fadhb ar bith sin!

(Tógann sé a ceann agus titeann an t-úll amach. Músclaíonn sí.)

Plúirín Sneachta: Mo Phrionsa!

Prionsa: Mo Bhanphrionsa!

Na fir Bheaga: Go Sábhála Dia muid!

(Ceol-Bainis)

Scéalaí: Bhuel, sin deireadh an scéil mo chairde. Phós Plúirín an Prionsa agus bhí siad uilig go sona sásta ina dhiaidh sin!

(Amach le Plúirín Sneachta, etc. agus An Scéalaí. Isteach leis an Rí, an Bhanríon, an Prionsa agus na hainmhithe)

Radharc 4

Babaí Béar: Sin scéal ar dóigh.

Daidí Béar: Is breá liomsa nuair a bhíonn sonas agus suairceas ag deireadh an scéil.

Mamaí Béar: An bhfuil mórán scéalta eile agat le daoine uafásacha iontu?

Rí: Mo Chairde tá na mílte scéalta mar seo. Tá Rapuinséil, tá Pinniochió..

Banríon: Rurplestilsin...

Prionsa: Codladh Céad Bliain...

Banríon: Tá a lán scéalta ann, ach níl am againn inniu.

Rí: Éistigí anois liom a chairde. Seo an rud a dhéanfaidh mise. Iarrfaidh mise ar an Foisitheoir na scéalta seo uilig a athscríobh. Ní bheidh rud ar bith gránna scríofa faoi na hainmhithe níos mó.

Ainmhithe: Ceart go leor.

Uilig: Cé ..Cad é..Cad é... sin?

Babaí Béar: Tá a fhios agamsa cé tá ann! Cinnín Óir agus a cara uafásach Cochaillín Dearg atá ann. Tagaigí amach anseo..a rógairí!

Daidí Béar: Stadaigí ansin! Seo tír shona shásta. Faigheann muidne uilig ar aghaidh le chéile sa tír seo.

Babaí Béar: Ach Daidí, thosaigh siadsan ag troid!

Daidí Béar: Tá a fhios agam. Ach ní thig linn leanúint ar aghaidh mar seo. Ón lá seo inniu, ní bheidh duine ar bith againn ag troid i dTír na mBotún.

Rí: Tá sin fíor, a Dhaidí Béar. Cad é ata le rá ag an bheirt agaibhse?

Cinnín Óir: Tá brón ormsa, a Bhéir, Coróidh mise suas an teach díobh!

Cochaillín Dearg: Ó, a Mhic tíre, ..eh..d'inis mise bréag! Eh, Níl mo sheanmháthair marbh...eh .leoga...tá sí go breá. Tá brón orm, a Mhic tíre..

Mactíre 3: Tá tú ceart go leor, a Chochaillín. Ach ná hinish bréag fúm arís.

Mamaí Béar: Tugaimid uilig maithiúnas daoibh a chailíní!

Rí: Sea - ní bheidh muid ag troid le chéile níos mó!

Daidí Béar: Beidh saol sona sásta againn uilig on lá seo amach!

(soilse—gach duine sona sásta)